V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.10640 – SAFRAN / MBDA / COMPAGNIE INDUSTRIELLE DES LASERS CILAS)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 360/08)

1. An 9 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Safran Electronics & Defense ("SED", an Fhrainc), atá faoi úinéireacht Safran S.A. ("Safran", an Fhrainc), arb é máthairchuideachta Safran Group,

— MBDA France ("MBDA", an Fhrainc), fochuideachta faoi lánúinéireacht MBDA S.A.S (an Fhrainc), atá á chomhrialú go hindíreach ag Airbus SE (an Ísiltír) (37,5 %), BAE Systems plc (an Ríocht Aontaithe) (37,5 %) agus Leonardo S.p.A (an Iodáil) (25 %),

— Compagnie Industrielle des Lasers Cilas ("Cilas", an Fhrainc), atá á rialú go hindíreach ag ArianeGroup Holding (an Fhrainc).

Gheobhaidh SED agus MBDA comhrialú ar Cilas ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn SED i réimse na hoptrónaice, na heitleonaice, na leictreonaice agus na mbogearraí criticiúla ag a bhfuil feidhmeanna sibhialta agus míleata ar tír, ar muir, san aer agus sa spás,

— Oibríonn MBDA san earnáil cosanta. Áirítear ar a réimse gníomhaíochta diúracáin agus córais arm a dhearadh, a mhonarú agus a mhargú,

— Forbraíonn, monaraíonn agus margaíonn Cilas raon leathan táirgí agus córais le haghaidh cosanta, mórchláir léasair eolaíochta, agus ionstraimíocht eolaíoch agus thionsclaíoch.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10640 – SAFRAN / MBDA / COMPAGNIE INDUSTRIELLE DES LASERS CILAS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË